

1. Cad a rinne tú an tseachtain seo?  
*Bhí mé ag ...*  
*Chuaigh mé go (dtí an) ...*  
*Chonaic mé ...*  
*D'ith mé ...*  
What did you do this week?  
*I was at ...*  
*I went to (the) ...*  
*I saw ...*  
*I ate ...*
2. An dtéann tú go dtí an trá? Cad a dhéanann tú ann?  
Do you go to the beach? What do you do there?
3. An bhfaca tú ainmhí fiáin ag an trá riamh?  
Did you ever see a wild animal at the beach?
4. Cén gnáthóg is maith leat – fásach, trá, coill, loch, srl.?  
What habitat do you like – desert, beach, forest, lake, etc.?

**Aillte – Sliabh Liag (TG4)**

**Cliffs – Slieve League (TG4)**

1. Tá áiteacha ar domhan a dhéanfadh tú a mhúnlú. There are places in the world that can shape you.
2. Ach is beag daoine a déarfaí orthu gur rugadh ar bharr aille iad. But there are few people that it can be said about them that they were born on top of a cliff.
3. Díreach taobh thiar den teach inar rugadh mé, tá mullach Shliabh Liag. Just behind the house where I was born is the top of Slieve League.
4. Sconsa garraí atá 600 (sé chéad) méadar ar airde. A garden fence that is six hundred meters high.
5. Agus le fáthaigh mar seo mar chomharsana agam pháirteoidh mé an chuid eile de mo shaol a chaitheamh faoina scáth mar threoraí dúlra. With giants like these as my neighbors, I'll spend the rest of my life in their shadow as a nature guide.
6. Chaith mé mo shaol ar imeall rudaí, ar bharna idir farraige, an talamh agus na flaithis. I spent my life on the edge of things, on the space between the sea, the land and the heavens.
7. Amharcann formhór daoine air mar láthair lom, leamh, sceirdiúil. Most people look on it as a barren, boring, bleak place.
8. Ach domhsa, is áit fial, fairsing agus uasal. But to me, it's a hospitable, spacious and majestic place.
9. Agus tá sé in am againn anois súil úr a chaitheamh ar na hardeaglaisí dúlra seo. And it is time for us now to take a look at these cathedrals of nature.
10. Seasann siad anseo i bhfoirm éigin le 300 (trí chéad) milliúin bliain. They have stood here in some form for three hundred million years.
11. Gnáthóg faoin spéir agus faoin uisce. A habitat under the sky and under the water.
12. Níl áit ar bith ar domhan a mhothaím chomh corraithe. There is no place on earth I feel so moved.

- |  |  |
|--|--|
| 13. Agus tchífidh tú go mór an méid éan, ainmhí agus anam álainn daona atá tarraingthe i dtreo na dtírdhreacha sceirdiúla, eipiciúla seo.                            | You will see the great number of birds, animals, and beautiful human souls that are drawn here towards these windswept, epic landscapes.                 |
| 14. Rugadh muid uilig ar an charraig álainn seo.   | We were all born on this beautiful rock.   |
| 15. Ach rugadh mise ar charraig ar leith...  | But I was born on a particular rock...   |
| 16. ... an áit a mbuaileann matáin an Atlantach in éadan cnámha na hÉireann.   | ... where the muscles of the Atlantic hit against the bones of Ireland.  |
| 17. Is ó na farraigí thart ar na haille seo a thóg mo shinsir a mair i dtír ón iascaireacht leis na glúnta fada.   | It's from the seas around these cliffs that brought my ancestors to live here from fishing for generations.  |
| 18. Chaith mé m'óige ag dreapadh cois cladaigh.  | I spent my youth climbing by the shore.  |
| 19. Agus b'ábhar iontais agam é an rud a bhí suite díreach faoi chraiceann an uisce.   | And it was always a subject of amazement to me what was located directly under the surface of the water.   |
| 20. Chaith mé blianta fada ag <i>exploreáil</i> faoi na tonnta, ag iarraidh spléachadh a fháil ar na beithigh neamhshaoilta a bhí ag cur fúthu ag íochtar na haille. | I spent years exploring under the waves, trying to get a glimpse of the otherworldly creatures that were living at the bottom of the cliff.              |
| 21. Agus ní raibh srian ar bith le mo shamhlaíocht.  | And there was no limit to my imagination.  |
| 22. Agus má bhí cruthúnas de dhíth go raibh an saol seo neamh-ghnách seo againn an t-ochtapas.   | And if proof was needed that this life was unusual, here we have the octopus.  |
| 23. Insíonn an fhuil ghorm atá iontu gur ó phláinéad eile a eascraíonn siad, pláinéad a raibh rún croí agus intinne agam fáil amach faoi.                            | The blue blood that is in them tells us that they originate from another planet, a planet that I determined in my heart and mind to find out more about. |
| 24. Is innealtóir seachmaill é, ealaíontóir éalaithe.  | It is an engineer of illusion, an artist of escape.  |

**Ceisteanna**

**Questions**

- |     |   |  |
|-----|---|--|
| 1.  | Cén sliabh atá in aice leis an áit inar rugadh Cormac Mac Fhionnlaoich (an láithreoir)? | What mountain is near the place where Comac Mac Fhionnlaoich (the presenter) was born? |
| 2.  | Cé chomh hard is atá an sliabh?   | How high is the mountain?  |
| 3.  | Cén obair atá ag Cormac?  | What work does Cormac have?  |
| 4.  | Cad a cheapann daoine faoin áit ina bhfuil Cormac ina chónaí?                           | What do people think about the place where Cormac lives?                               |
| 5.  | Cad a cheapann Cormac féin faoin áit?   | What does Cormac himself think of the place?   |
| 6.  | Cad a rinne sinsir Chormaic?  | What did Cormac's ancestors do?  |
| 7.  | Cad a bhíodh Cormac ag déanamh agus é óg?   | What did Cormac do when he was young?  |
| 8.  | Cén cruthúnas atá ann go bhfuil an saol neamh-ghnách?                                   | What proof is there that life is unusual?  |
| 9.  | Cén dath atá ar fhuil an ochtapais?   | What color is the blood of the octopus?  |
| 10. | Cén ealaíontóra atá san ochtapas agus cén fáth?   | What kind of artist is the octopus, and why?   |